Achainí chuig an mBord Pleanála

AN BORD PLEANÁLA
LDG- 010939-18
ABP-
20 DEC 2018
Fee: € 50 Type:
Time: By: post

AN BORD PLEANÁLA
LDG-
ABP-
20 DEC 2018
Type:
By:

Seán Ó Neachtain
Iar-Ionadaí Poiblí
Baile an Domhnallain,
An Spidéal,
Co na Gaillimhe.

18 Nollaig 2018

Uimhir ábhair PL07 302848/302885

Iarratas ar fhorbairt cuar bhóthar N6 timpeall chathair na Gaillimhe 2018 (N6 Galway City Ring Road)

Is mian liom mo thacaíocht a léiriú don iarratas seo mar gheall ar a thábhachtaí atá sé do phobal an cheantair ar bhruach thiar chathair na Gaillimhe agus ceantair Chonamara. Déanfaidh sé leas mór don phobal i gcoitinne ata faoi leatrom ag an tranglam tráchta a bhíonn i gcathair na Gaillimhe agus go h-áirithe ar bhóthar Chois Fharraige R336. Cuirfidh sé go mór le forbairt eacnamaíochta agus sóisialta cheantair Chonamara nuair a bheidh sé tógtha .

Bhí mé ag cur brú ar son an togra seo ó toghadh mé mar ionadaí poiblí i dtús na n-ochtóidí agus cé go bhfuil blianta fada caite ó shin is fearr  go deireanach ná go bráth

Seán Ó Neachtain